CINNEADH Uimh. 145/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 29 Aibreán 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1589]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE ([1]), arna ceartú le IO L 283, 31.8.2020, lch. 2, le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe 16b (Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"— **32019 L 0879**: Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296), arna ceartú le IO L 283, 31.8.2020, lch. 2."

Airteagal 2

Leasaítear pointe 19b (Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

   "— **32019 L 0879**: Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296), arna ceartú le IO L 283, 31.8.2020, lch. 2."

2. Athuimhrítear oiriúnuithe (e) go (j) mar oiriúnuithe (h) go (m).

3. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (d):

   "(e) In Airteagal 44a(7), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear na focail 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022' in ionad '28 Nollaig 2020'.

   (f) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag Airteagal 45i(3) tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 nó, má shocraigh údarás réitigh Stáit CSTE spriocdháta maidir le comhlíonadh a dtiocfaidh deireadh leis tráth is déanaí ná 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin, ón spriocdháta sin maidir le comhlíonadh.

   (g) In Airteagal 45m, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

      (i) i mír 1, an chéad fhomhír, léifear na focail 'tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022' in ionad '1 Eanáir 2024';

      (ii) i mír 1, an dara fomhír, léifear 'tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022' in ionad 'ar 1 Eanáir 2022';

([1]) IO L 150, 7.6.2019, lch. 296.

(iii) i mír 1, an tríú fomhír, léifear na focail ‘níos mó ná 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022’ in ionad ‘tar éis 1 Eanáir 2024’;

(iv) i mír 2, léifear ‘tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 145/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022’ in ionad ‘1 Eanáir 2022’.”

Airteagal 3

Is téacs barántúil é téacs Threoir (AE) 2019/879, arna cheartú le IO L 283, 31.8.2020, lch. 2, san Íoslainnis agus san Ioruais atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Aibreán 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus san Fhorlíonadh LEE a ghabhann léi.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Aibreán 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.